# Achoimre Fheidhmeach ar an staidéar cáilíochtúil ar théamaí nua le haghaidh nótaí bainc euro

EUROPEAN
PUBLIC
AFFAIRS

Ipsos

Níor cheart a thuairisciú go léirítear leis an bpáipéar seo dearcthaí an Bhainc Ceannais Eorpaigh (BCE). Is leis na húdair na dearcthaí a nochtar anseo agus ní gá gurbh ionann sin agus dearcthaí BCE.

# Achoimre fheidhmeach

Tá freagracht shonrach ar an Eurochóras chun iontaoibh an phobail as na nótaí bainc euro a chaomhnú, chun úsáid shábháilte agus áisiúil nótaí bainc euro a áirithiú agus chun feabhas breise a chur ar éifeachtúlacht an airgid thirim. Is táirgí thar a bheith sofaisticiúil iad nótaí bainc. Tógann sé blianta iad a fhorbairt agus a tháirgeadh. Mar chuid den fhorbairt rialta a dhéantar ar nótaí bainc euro, seoladh próiseas chun na téamaí agus na dearaí nua a mheas. Tá dhá chéim ag baint leis an bpróiseas seo: ar an gcéad dul síos, forbairt a dhéanamh ar théama nua[1] (agus móitífeanna[2] a ghabhann leis); agus ar an dara dul síos, forbairt a dhéanamh ar dhearaí nua bunaithe ar an téama nua. Chun tacú leis an gcéad chéim, choimisiúnaigh an Banc Ceannais Eorpach (BCE) Ipsos chun taighde cáilíochtúil a dhéanamh dírithe ar léargais a chur ar fáil chun cabhrú le sainmhíniú an téama nua.

Bhí dhá aidhm ag an taighde: (1) tuiscint a fháil ar roghanna an phobail maidir le téama na nótaí bainc euro amach anseo, arbh é ba thoradh inmhianaithe leis ná liosta de na téamaí roghnachais agus na móitífeanna a ghabhann leo a thiomsú; agus (2) tuiscint a fháil ar bhraistintí an phobail ar na heilimintí dearaidh comhchoiteanna a bhaineann leis na heilimintí dearaidh comhchoiteanna reatha de chuid Europa Sraith 2 (ES2) chomh maith le heilimintí dearaidh comhchoiteanna[3] nua féideartha, arís agus an aidhm ann liosta d'eilimintí dearaidh comhchoiteanna roghnachais a chruthú.

Rinneadh an staidéar seo idir Nollaig 2021 agus Márta 2022 trí ghrúpaí fócais ar líne sna 19 dtír ar fad atá sa limistéar euro chomh maith leis an gCróit agus leis an mBulgáir. Bunaíodh ceithre ghrúpa fócais i ngach tír, is é sin 84 de ghrúpaí fócais san iomlán (nó 422 rannphháirtí). Srathaíodh na grúpaí de réir aoise (16-25, 26-40, 41-60, 61+) agus leagadh amach iad sa chaoi go dtabharfaí sampla mórán ionadaíoch de na daonáirimh náisiúnta trí úsáid a bhaint as na hathróga dearcaidh agus athróga sochdhéimeagrafacha eile (lena n-áirítear inscne, oideachas, tír bhreithe, dearcthaí i dtaobh an Aontais Eorpaigh agus minicíocht úsáidte nótaí bainc). Rinneadh an chumarsáid laistigh de na grúpaí trí mheán phríomhtheangacha na dtíortha rannphháirteacha.

Bíonn sé mar sprioc ag taighde cáilíochtúil dearcthaí agus saincheisteanna a aithint agus a phlé maidir leis an ábhar atá i gceist. Is é an toimhdiú atá ann go léiríonn na dearcthaí agus na saincheisteanna a chuireann na rannphháirtithe chun cinn dearcthaí agus saincheisteanna atá le sonrú i measc an phobail/na bpobal níos leithne lena mbaineann siad. Mar sin féin, ní féidir an méid a bhaineann siad leis an bpobal/na pobail i gcoitinne, nó le foghrúpaí sonracha, a chainníochtú. **Baineann luach an taighde cháilíochtúil, áfach, le ré réimse na ndearcthaí agus na taithí atá ann mar aon leis na smaointe a thacaíonn leo, a shainaithint**. Dá réir sin, **níor cheart go gcaithfí leis na torthaí a thuairiscítear sa doiciméad seo mar a bheidís ionadaíoch ó thaobh staidrimh de maidir le dearcthaí agus roghanna na ndaonraí lena mbaineann siad**. Ar an dul céanna, cé go bhfuil tráchtaireacht sa tuarascáil ar na difríochtaí is cosúil atá ann ó thaobh na ndearcthaí agus na roghanna atá bunaithe ar, mar shampla, aoisghrúpa agus suíomh geografach, ba cheart caitheamh leis na difríochtaí seo freisin mar rud táscach amháin. I bhfocail eile, d'fhéadfadh sé gur comharthaí é go bhfuil dearcthaí agus sainroghanna atá níos leitheadaí i measc aoisghrúpaí, tíortha nó grúpaí sóisialta sonracha.

## Forbhreathnú ar na príomhthorthaí

### *Tuiscintí ar an Eorpachas*

[1] Téama: an t-ábhar nó smaoineamh lárnach bunúsach athfhillteach a chinntíonn comhcháilíocht sa dearadh i réimse de nótaí bainc.
2 Móitífeanna: na híomhánna a fhorbraíonn nó a léiríonn an téama agus a bhféadfadh sé iad a bheith i riochtaí éagsúla leo de réir gach ainmníochta.
3 Eilimintí dearaidh comhchoiteanna: íomhánna nó siombailí nach mbaineann leis an téama ach atá ann ar chúiseanna praiticiúla agus chun féiniúlacht Eorpach a léiriú.

Chun comhthéacs a chur ar fáil faoi na dearcthaí i leith téamaí le haghaidh nótaí bainc euro amach anseo, tosaíodh gach grúpa fócais le comhrá faoin méid a chiallaíonn sé do rannpháirtithe tú a bheith i d'Eorpach. Is iad seo a leanas na ceithre chatagóir de cheangail a aithníodh go spontáineach ar fud na ngrúpaí:

- **taisteal agus/nó saorghluaiseacht daoine laistigh den Eoraip;**
- **an euro nó airgeadra aonair laistigh den Eoraip;**
- **luachanna liobrálacha amhail an tsaoirse, an dlúthpháirtíocht agus an comhionannas;**
- **gnéithe cultúrtha amhail éagsúlacht na dteangacha agus na gcultúr laistigh den Eoraip agus stair chomhroinnte na hEorpa.**

I ngach cás, thángthas ar thuiscint ar an Eorpachas go príomha trí lionsa na luachanna pearsanta agus na n-eispéireas agus na spéiseanna cultúrtha coitianta, seachas trí thagairtí d'institiúidí na hEorpa agus do reachtaíocht an Aontais Eorpaigh. **Ba dhíol suntais é go ndearnadh ceangal idir céard is brí le bheith i d'Eorpach, agus mothúcháin agus smaointe maidir leis an aontacht, luachanna comhroinnte agus stair comhroinnte (i.e. na rudaí a nascann Eorpaigh lena chéile) chomh maith le tuiscint ar éagsúlacht na gcultúr agus na dteangacha suaithinseacha atá i réim san Eoraip (i.e. na rudaí a dhéanann idirdhealú ar Eorpaigh).**

## *Na cuimhní agus na tuairimí maidir leis an tsraith reatha (Europa) nótaí bainc euro*

**Go ginearálta, bhí na cuimhní maidir leis an tsraith reatha de nótaí bainc euro (an téama san áireamh) teoranta.** Bhí sé seo amhlaidh go háirithe i measc daoine níos óige agus rannpháirtithe a bhí i bhfabhar modhanna íocaíochta digiteacha nó modhanna íocaíochta bunaithe ar chártaí.

A luaithe agus a cuireadh i gcuimhne do na rannpháirtithe gurbh é "aoiseanna agus stíleanna na hEorpa" téama na sraithe reatha, **ní raibh na rannpháirtithe ar fad ar aon intinn, bhí idir dhearcthaí iontach dearfach, neodracha agus diúltach go leor ann**. I gcás lucht na ndearcthaí dearfacha, measadh go raibh an téama (agus na móitífeanna a bhí ag gabháil leis) tarraingteacha ó thaobh na haeistéitice de agus oiriúnach do nótaí bainc euro mar gur ceapadh gur sheas sé do ghné lárnach de stair chultúrtha na hEorpa agus gur téama é a bhí ábhartha do na Ballstáit ar fad. Rinneadh tagairtí freisin go spontáineach do "neodracht" an téama. Ar an lámh eile, cheap rannpháirtithe eile go raibh an bhéim ar an stair "seanfhaiseanta" nó "seanaimseartha", nó cheap siad go raibh neodracht an dearaidh "leadránach" nó "leamh". Cheap rannpháirtithe eile nach raibh an téama ná na móitífeanna "fiúntach" go leor ná nach raibh sé soiléir gur bhain siad go sonrach leis an Eoraip.

**B'annamh gur aithin rannpháirtithe aon nasc féiniúlachta ná mothúchánach leis na nótaí bainc reatha.** Léiriú air seo ba ea an dóigh ar chosúil gur thaitin an smaoineamh maidir le hathrú a dhéanamh ar na nótaí leo, agus go bhfaca siad é seo mar dheis chun nótaí níos tarraingtí agus níos suaithinsí a chruthú.

## *Breithnithe ginearálta maidir le téamaí agus móitífeanna féideartha le haghaidh nótaí bainc euro amach anseo.*

Nuair a iarradh ar rannpháirtithe machnamh a dhéanamh ar théamaí nua le haghaidh nótaí bainc euro amach anseo agus measúnú comparáideach a dhéanamh orthu, ba mhinic a rinne siad tagairt do chritéir shonracha a mheas siad a bheith tábhachtach. Dúirt siad, go háirithe, gur cheart **ábharthacht agus macalla pan-Eorpach a bheith ag baint le haon téama amach anseo, gur cheart go n-aibhseodh sé aontacht agus éagsúlacht na mBallstát, agus gur cheart é a bheith éasca a aithint agus dearadh cuidsúlach a bheith ag baint leis**. Measadh freisin go raibh an-tábhacht ag baint le hinghlacthacht ghinearálta an téama agus a éasca a bheadh sé chun é a léiriú

ar nótaí bainc. B'annaimhe a tháinig barúlacha níos mothaithí, amhail an méid a d'fhéadfadh téama braistint mórtais a chothú i measc saoránach, chun chinn go spontáineach.

**Maidir le móitífeanna a léireodh téamaí a shainaithint, b'iondúil gur cheap na rannpháirtithe gur cheart iad seo a bheith inaitheanta agus éasca a thuiscint, agus gur cheart aon mhóitíf a d'fhéadfadh a bheith conspóideach, achrannach nó gránna – cuir i gcás, móitífeanna a léireodh steiréitíopaí cultúrtha nó móitífeanna a bheadh reiligiúnach, polaitiúil nó idé-eolaíoch ar aon slí – a sheachaint.** Chomh maith leis na smaointe sin, ba shoiléir go raibh spéis ag na rannpháirtithe in úsáid siombailí sna móitífeanna, go háirithe maidir le haontacht an Aontais Eorpaigh nó maidir lena chuid luachanna. Ag an am céanna, bhí sé deacair orthu, in amanna, móitífeanna a shainaithint a chomhlíon, dar leo, na critéir thuasluaite nó a bheadh iomráiteach go leor agus, san am céanna, a mbeadh glacadh forleathan leo. Mar atá sonraithe thíos, d'fhág sé seo ó am go chéile nach riabh siad chomh tógtha céanna le téamaí ar leith de réir mar a lean an plé ar aghaidh.

Ba mhinic a dúirt rannpháirtithe go mbeidís **sásta nó fiú bródúil móitíf de chuid a dtíre féin acu a fheiceáil ar nótaí bainc euro** chun téama coitianta, níos leithne a léiriú. Ba mhinic a chuir sé sin tús le comhrá faoin gcaoi a bhfuil líon teoranta d'ainmníochtaí nóta bainc euro ann agus, dá réir, nach raibh ach méid srianta "spáis" ann chun na Ballstáit éagsúla a léiriú, rud a fhágann go bhféadfadh sé go mbeadh gá le cur chuige difriúil, amhail **móitífeanna a roghnú a bheadh bunaithe ar réigiúin nó a sháródh nó a chuimseodh teorainneacha náisiúnta ar bhealach eile**. Ní raibh na rannpháirtithe go léir sásta géilleadh ar choincheap na móitífeanna náisiúnta, áfach. Bhí sé seo amhlaidh go háirithe i gcás na Bulgáire agus na Portaingéile, mar a ndearnadh ceangal idir fócas ar a leithéid de mhóitífeanna agus an gá a measadh a bheith ann go mbraithfeadh na tíortha seo go bhfuil siad ar chéim níos cothroime lena gcomhpháirtithe Eorpacha agus níos mó measa ag ba ballstáit eile orthu. Ina theannta sin, ceapadh gurbh ionann dearadh na nótaí bainc euro todhchaí agus gléas féideartha d'fhonn leibhéal níos airde de chothrom na Féinne a bhaint amach do Bhallstáit.

## *Téamaí agus móitífeanna roghnachais le haghaidh nótaí bainc euro amach anseo*

Mhól na rannpháirtithe réimse leathan de théamaí agus móitífeanna bainteacha. Bhí idir théamaí traidisiúnta ann a bhaineann go traidisiúnta le nótaí bainc agus boinn, amhail portráidí de dhaoine mór le rá, eilimintí den nádúr, séadchomharthaí, eachtraí stairiúla, an eolaíocht, modhanna iompair, agus théamaí níos comhaimseartha amhail an spás, nua-ealaín, bia agus deochanna cáiliúla, agus comórtais spóirt. Rinneadh go leor tagairtí freisin do théamaí níos teibí nó níos coincheapúla amhail luachanna (mar shampla, saoirse, comhionannas agus daonlathas), éagsúlacht, cultúr, agus inbhuanaitheacht.

Cé go raibh roinnt moltaí uathúla i dtaca le téama nua ag duine nó beirt nó ag grúpa fócais nó dhó, **tháinig an chuid is mó de na moltaí aníos arís agus arís eile** nó an-chosúil le moltaí eile a rinneadh. Ina theannta sin, bhí **comhsheasmhacht shuntasach ann i measc na gceithre aoisghrúpa agus na dtíortha éagsúla maidir leis an minicíocht a luadh na téamaí éagsúla**.

Nuair a iarradh ar na rannpháirtithe na téamaí ab fhearr leo a roghnú as measc na gceann sin a sainaithníodh agus a pléadh sna grúpaí fócais faoi seach, bhí sé cuíosach éasca orthu an méid sin a dhéanamh. Ag leibhéal na dtíortha uile, is é a d'eascair as an bpróiseas seo ná laghdú ar an liosta tosaigh de théamaí molta, nó diúltaíodh go hiomlán do roinnt téamaí nó measadh go raibh trasnaíl ann le téamaí eile. Mar shampla, measadh, uaireanta, trasnaíl a bheith ann idir na téamaí staire agus eolaíochta agus téama na bportráidí (nó a mhalairt) agus, dá réir, níor cuireadh iad chun cinn ar leithligh. B'iad na téamaí seo a leanas na téamaí roghnachais ba choitianta (mar a cuireadh in iúl trí chleachtas roghnúcháin a rinneadh le gach grúpa fócais):

- **an nádúr;**
- **séadchomharthaí agus sainchomharthaí tíre;**
- **portráidí;**

- **Luachanna Eorpacha;**
- **an eolaíocht agus an forás;**
- **an ealaín.**

Tháinig roinnt forbartha, áfach, ar na dearcthaí maidir leis na téamaí roghnachais le linn an phlé. Tháinig méadú ar an ngnaoi ar théamaí ar ceapadh iad a bheith neodrach – go háirithe cinn a bhain leis an nádúr agus le luachanna Eorpacha – agus titim bheag ar an tacaíocht do théamaí a spreag níos mó cainte, go háirithe cinn a bhain le séadchomharthaí agus sainchomharthaí tíre, agus, ach ní a oiread céanna, portráidí (ar chúiseanna a bhfuil cuntas orthu thíos).

### *An Nádúr*

Ba iad téamaí a bhí bainteach leis an nádúr is mó a moladh i measc na ngrúpaí fócais ar fad. Rinneadh cur síos go rialta ar an nádúr mar théama a bhí **"neodrach", "sábháilte" nó "éadrom" agus beag seans ann go dtarraingeodh sé conspóid**. **Rinneadh tagairt dó go rialta mar rud "gan teorainn" nó "uilíoch"** agus, dá bharr sin, rud a bheadh gach uile Eorpach in ann a aithint go héasca. I dtaca leis sin, cheap roinnt rannpháirtithe go raibh tábhacht shiombalach faoi leith ag baint leis an téama, agus an tAontas Eorpach féin ina limistéar comhroinnte inar féidir le saoránaigh na mBallstáit ar fad braistint chómhuintearais a bheith acu. Cúis eile a raibh a oiread gnaoi ar théamaí a bhí bainteach leis an nádúr ná gur mheas rannpháirtithe go bhféadfaidís cur le haeistéitiúlacht agus "mothú" ginearálta na nótaí bainc todhchaí. I roinnt tíortha, dúradh freisin go dtiocfadh, le téama a bhaineann leis an nádúr, deis chun béim éiceolaíoch a chur ar nótaí bainc na todhchaí. Thit na móitífeanna nádúir a moladh isteach ina gceithre phríomhchatagóir: tírdhreacha (sléibhte go háirithe); uiscebhealaí agus abhantracha; bláthanna, plandaí agus crainn; agus ainmhithe agus éin.

### *Séadchomharthaí agus sainchomharthaí tíre*

Bhí an dearcadh ann go forleathan gur léirigh **séadchomharthaí stairiúla agus sainchomharthaí tíre croíghné d'fhéiniúlacht chultúrtha na hEorpa a d'aithneofaí ar an toirt,** agus, mar sin, gur théamaí sothuigthe so-aitheanta ba ea iad le haghaidh nótaí bainc. Tháinig an moladh aníos arís agus arís freisin gur shiombailí iad a leithéid de shéadchomharthaí agus sainchomharthaí tíre ní hamháin den dul chun cinn atá déanta ag an Eoraip ach siombailí dá hathléimneacht agus dá cuid luachanna – gnéithe ar measadh go n-aontóidís Eorpaigh a thuilleadh. Ag an am céanna, i líon beag grúpaí fócais, aithníodh go spontáineach na dúshláin féideartha a bhaineann le móitífeanna a roghnú leis na téamaí a léiriú. Ar an gcéad dul síos, tugadh le fios go ndéantar ceangal uaireanta idir séadchomharthaí agus sainchomharthaí tíre agus coinbhleachtaí nó tubaistí a tharla anallód agus, dá réir, go bhfeadfadh sé fochialla diúltacha a bheith ag baint leo nó go gcuirfeadh sé olc go fiú ar roinnt grúpaí de shaoránaigh. Ar an dara dul síos, rinneadh tagairt do na dúshláin féideartha a bheadh ag baint le séadchomharthaí nó sainchomharthaí tíre a roghnú a léireodh go héifeachtach gach tír sa limistéar euro. Mar sin féin, ar na móitífeanna coitianta a moladh faoi théama na séadchomharthaí agus na sainchomharthaí tíre, bhí foirgnimh stairiúla, caisleáin agus sainchomharthaí tíre faoi leith; foirgnimh reiligiúnacha; droichid; músaeim agus gailearaithe; agus foirgnimh de chuid institiúidí AE sa Bhruiséil agus in Strasbourg.

### *Portráidí*

Tháinig portráidí chun cinn mar **théamaí a raibh an-tóir orthu astu féin agus, chomh maith, mar mhóitífeanna a bhain le roinnt téamaí eile**, go háirithe leis an eolaíocht agus an forás, leis an ealaín, leis an stair agus leis an spórt. Go sonrach, ba mhinic na rannpháirtithe i bhfabhar nótaí bainc ar a raibh **daoine mór le rá a raibh ról tábhachtach acu maidir le forbairt nó múnlú na hEorpa atá ann inniu** agus, dá bhrí sin, a rinne a gcion féin le féiniúlacht na hEorpa a chothú nó a chur chun cinn. Thit moltaí le haghaidh móitífeanna portráide isteach ina gcúig phríomhchatagóir: ceoltóirí agus cumadóirí; pearsana stairiúla lena n-áirítear bunaitheoirí na hEorpa; eolaithe; fealsúna agus scríbhneoirí; agus ealaíontóirí. Cé nach raibh formhór na móitífeanna róchonspóideach, ní raibh sé seo amhlaidh maidir leis na pearsana stairiúla. Maidir leo siúd, aithníodh **go mbeadh tuiscint nó léamh difriúil ag grúpaí éagsúla saoránach ar cheannairí nó pearsana polaitiúla agus dá bhrí sin go bhféadfadh sé nach nglacfadh gach duine leo**

**mar mhóitífeanna sásúla**. A luaithe agus a luadh é seo, is é is minice a tharla gur thosaigh an tuairim seo de bheith ag teacht i réim laistigh de na grúpaí fócais, agus ba mhinic a d'aontaigh rannpháirtithe gurbh fhearr a leithéid de phearsana a sheachaint agus cloí le daoine ar leith a raibh urraim nó meas ar bhonn níos uilíche orthu, amhail scríbhneoirí nó ealaíontóir móra.

### *Luachanna Eorpacha*

B'iondúil go ndearna na rannpháirtithe sin ar thaitin téamaí ón gcatagóir seo leo an cás gurb é a shamhlaítear do bheagnach gach duine nuair a luaitear **an Eoraip ná luachanna amhail aontacht, síocháin, daonlathas, cearta an duine, saoirse, comhionannas, agus meas ar éagsúlacht agus ionchuimsiú**. Ina theannta sin, dúirt siad go sáraíonn na luachanna seo teorainneacha tíortha agus ordlathas na sochaí, agus go n-aontaíonn agus go "nascann" siad Eorpaigh le chéile trí fhéiniúlacht chomhroinnte a sholáthar dóibh. Bhí roinnt rannpháirtithe ar a ndícheall a chur in iúl freisin go raibh tábhacht níos mó, ar bhonn laethúil, ag baint leis na luachanna do shaoránaigh i gcomparáid leis na téamaí móra eile, amhail séadchomharthaí agus daoine mór le rá, cionn is gurbh ionann na luachanna seo, a bheag nó a mhór, agus a gcuid luachanna saoil féin. Bhí sé le brath go soiléir go raibh na luachanna a pléadh tar éis éirí níos suntasaí in aigne na rannpháirtithe i bhfianaise ionradh na Rúise ar an Úcráin, rud a bhí ag méadú (agus a lean) nuair a bhíothas ag gabháil don obair thaighde agus ar ceapadh é a bheith ina bhagairt don daonlathas agus don tsaoirse. Go deimhin, smaoinigh líon suntasach níos mó de ghrúpaí fócais ar luachanna a chur ar ghearrliosta ná an méid a rinne é sa deireadh, nó socraíodh, faoi dheireadh go raibh na téamaí seo ró-theibí lena léiriú ar nótaí bainc.

Cé go raibh sé go minic deacair ar na rannpháirtithe na luachanna seo a aistriú go dtí móitífeanna nithiúla, tháinig trí phríomhchineál móitífe chun cinn: colmán bán a léiríonn saoirse agus síocháin, daoine i ngreim láimhe lena chéile nó ag tabhairt barróg dá chéile, rud a léiríonn dlúthpháirtíocht, daonlathas, aontacht agus cóngas; agus lámha (e.g. lámha i gciorcal, lámha sínte, croitheadh lámh), rud a bainteach leis an gcomhoibriú, leis an dlúthpháirtíocht, le braistint phobail agus leis an gcomhionannas. Ar na móitífeanna luacha eile a bhí faoi chaibidil, bhí dealbh an Cheartais agus scálaí an cheartais (ar móitífeanna iad de chearta an duine, comhionannas agus meas); comhartha na síochána; teorainneacha nó bacainní oscailte (móitífeanna den tsaoirse); agus móitífeanna a bhain leis an dlúthpháirtíocht agus an ionchuimsitheacht, amhail daoine ag seasamh le chéile, léarscáil gheografach den Eoraip agus bratacha na hEorpa á dtaispeáint le chéile.

### *An Eolaíocht agus an forás*

Luaigh na rannpháirtithe a mhol an téama an iliomad **aireagán, fionnachtana agus forbairtí teicneolaíochta a d'eascair as an Eoraip i gcaitheamh na staire** agus a chuaigh i bhfeidhm agus a d'imir tionchar ar fud an domhain. Thug siad le fios freisin go bhféadfaí, ach glacadh lena leithéid de théamaí le haghaidh na nótaí bainc, feidhm thábhachtach oideachasúil a chomhlíonadh, agus cur le heolas na saoránach ar ghaiscí na hEorpa agus iad a spreagadh chun tuilleadh a fhoghlaim fúthu. Ar an gcatagóir de mhóitífeanna is mó a moladh, bhí aireagáin agus fionnachtana de chuid na hEorpa, go háirithe teicneolaíochtaí a bhaineann le cúrsaí iompair, teicneolaíochtaí fuinneamh-bhunaithe, teicneolaíocht spáis agus cúrsaí réalteolaíochta, teicneolaíocht agus fionnachtana a bhaineann leis an leigheas, fionnachtana san fhisic, uirlisí agus teicneolaíochta a bhaineann le cúrsaí tionsclaíochta agus oibre agus teicneolaíochtaí cumarsáide. Bhí an moladh ann go forleathan freisin go d'fhéadfadh sé go gcuimseodh na móitífeanna eolaithe, aireagóirí nó taiscéalaithe faoi leith. Mar a tharla, áfach, i gcás théama na bportráidí, tháinig amhras ar líon beag rannpháirtithe i dtaca le cé acu ba cheart eolaithe nó airgeadóra sonracha a chuimsiú, mar gheall ar an bhféidearthacht go spreagfadh roinnt daoine dá leithéid conspóid nó go dtiocfadh athrú ar an suntas a chuirtear síos dóibh féin (nó dá gcuid aireagán nó fionachtána) thar am nó ó thír go tír.

### *An Ealaín*

Den chuid is mó, moladh téamaí ealaíne i ndeisceart agus in iarthar na hEorpa níos mó ná aon áit eile. Na rannpháirtithe a bhí i bhfabhar na dtéamaí seo, rinne siad cur síos ar an **ealaín mar cheann de na buanna is láidre, is aitheanta agus is uathúla atá ag an Eoraip**. Mar aon le téamaí an nádúir agus na séadchomharthaí agus sainchomharthaí tíre, bhí an tuairim ann go

bhféadfaí, trí ealaín a chur ar nótaí bainc, spéis na saoránach a mhúscailt agus iad a spreagadh lena fháil amach cá háit a ndearnadh na saothair mhóra seo a chruthú nó cá bhfuil siad ar taispeáint. Ar leibhéal níos praiticiúla, bhí an dearcadh ann go gcuirfeadh téamaí ealaíne, faoi mar a thuigfeá, go mór le dearadh na nóta bainc ó thaobh na haeistéitice de. I measc na gcineálacha sonracha de mhóitífeanna ealaíne a moladh, bhí saothair mhóra ealaíne, péintéirí agus snoíodóirí, stair na healaíne agus stíleanna éagsúla, damhsaí agus damhsóirí, foirgnimh agus ailtireacht, uirlisí ceoil agus seánraí. Ba mhinic a bhreithnigh rannpháirtithe ar na móitífeanna ealaíne trí lionsa ionchuimsitheach agus iad á bplé acu, agus díríodh ar an gcaoi ar léirigh agus ar thug na móitífeanna le chéile téamaí nó tíortha éagsúla. Rinneadh tagairt do shamplaí amhail Leonardo da Vinci, ar shiombail é den ealaín chomh leis an eolaíocht agus le haireagáin; dealbha ársa ar shiombailí iad den ealaín, den stair agus de luachanna na sibhialtachta; radhairc tíre a thug an ealaín agus an nádúr le chéile, agus móitífeanna ealaíne a léirigh tíortha éagsúla.

### *Téamaí eile a raibh tóir go leor orthu*

I measc na dtéamaí eile a tháinig chun cinn sna grúpaí fócais ar fad, cé raibh nach raibh an tóir chéanna orthu i gcomparáid leis na cinn a bhfuil cur síos orthu thuas, bhí an stair nó imeachtaí stairiúla; nósanna agus traidisiúin; cúrsaí bia agus deochanna; cúrsaí cultúir; an comhshaol agus an inbhuanaitheacht, léarscáileanna agus an tíreolaíocht; an spórt, teangacha, Bratacha na mBallstát; agus cúrsaí iompair agus taistil. I gcomparáid leis sin, i measc na dtéamaí nach raibh mórán tóra orthu (is é sin le rá, ní raibh spéis ag ach aon ghrúpa fócais nó dhó iontu) bhí an t-oideachas, cúrsaí reiligiúin, an teaghlach, seirbhísí poiblí agus sóisialta, agus teachtaireachtaí/téacs.

## *Eilimintí dearaidh comhchoiteanna[4]*

Maidir le téama agus móitífeanna na nótaí bainc euro reatha, ar an iomlán, bhí an fheasacht ar na heilimintí dearaidh chomhchoiteanna measartha íseal. Ba mhinic a dúirt na rannpháirtithe nár thug siad faoi deara nó nár thug siad mórán airde ar na heilimintí seo. Arna fhiafraí díobh go sonrach faoi seo, ba mhinic a tugadh faoi deara go raibh an iomarca eilimintí dearaidh comhchoiteanna ann, rud a chuir le cuma mhíshlachtmhar nó “gnóthach” a bheith ar na nótaí bainc ar an iomlán. I dtaca leis an tuairim sin, bhí an dearcadh ann go raibh iomarcaíocht gan ghá ann maidir le cuid de na heilimintí, go háirithe maidir leis an mbratach agus fáinne na réaltaí.

Bhí comhaontú ann go forleathan gurb iad seo a leanas na heilimintí dearaidh comhchoiteanna is tábhachtaí:

- **fáinne na réaltaí;**
- **bratach na hEorpa;**
- **léarscáil na hEorpa;**
- **siombail € an airgeadra;**
- **an t-ainm “euro” ar an airgeadra i dtrí aibítir;**

ar an gcúis go raibh na heilimintí seo so-aitheanta sothuigthe úsáideach.
**Ar na heilimintí is lú ar measadh tábhacht a bheith ag baint leo, bhí portráid Europa, síniú Uachtarán BCE, agus, ach ní a oiread céanna, eilimintí eile amhail an tsiombail chóipchirt nó acrainm BCE sna teangacha ar fad**. Ní raibh mórán de chur amach ag rannpháirtithe ar phortráid Europa, nó ní dhearna siad aon nasc ina n-intinn idir sin agus coincheap na hEorpa ná féiniúlacht Eorpach. Cuireadh síos do shíniú Uachtarán BCE agus d’eilimintí riaracháin eile go raibh siad deacair a fheiceáil agus deacair a thuiscint, agus nach raibh mórán d’fheidhm ag baint leo.

Nuair a iarradh orthu, thug na rannpháirtithe roinnt moltaí maidir **le heilimintí dearaidh comhchoiteanna nua**, amhail an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (sleachta as) nó Amhrán na hEorpa, pictiúr de Pharlaimint na hEorpa nó de Bhratacha na mBallstát uile. Moladh

[4] Is é is eilimintí dearaidh chomhchoiteanna ann ná íomhánna nó siombailí nach mbaineann leis an téama ach atá ann ar chúiseanna praiticiúla agus chun féiniúlacht Eorpach a léiriú.

freisin go bhféadfaí léarscáil na hEorpa atá ar na nótaí faoi láthair a theorannú go dtí tíortha an limistéir euro, agus go bhféadfaí acrainmneacha BCE a laghdú.

## *Moltaí eile le haghaidh nótaí bainc euro todhchaí*

Fiafraíodh de na rannpháirtithe an raibh aon ní eile, dar leo, ar cheart ról a bheith aige i dtaca le dearadh na nótaí bainc euro amach anseo. Cuireadh in iúl go fonnmhar gur cheart na nótaí a bheith **simplí slachtmhar**, chomh maith le bheith **ildaite, geal agus cuidsúlach**. Chuir roinnt acu béim freisin ar an tábhacht a bhaineann le dathanna difriúla a úsáid chun ainmníochtaí euro éagsúla a léiriú, ionas go mbeadh daoine in ann na cinn éagsúla a aithint gan stró. I roinnt grúpaí fócais, mhothaigh rannpháirtithe go raibh sé tábhachtach na dathanna difriúla atá ann faoi láthair a choimeád, mar tá daoine tar éis dul i dtaithí orthu le himeacht ama. Bhí moladh ann freisin gur cheart go gcuimseodh na nótaí gnéithe a dhéanfadh na hainmníochtaí éagsúla níos so-aitheanta agus furasta a idirdhealú óna chéile do dhaoine a mbeadh lagú radhairc orthu, amhail eilimintí Braille nó imill neamhrialta éagsúla.

Chomh maith leis na moltaí sin, moladh freisin na nótaí bainc euro a dhéanamh níos lú, agus ar cóimhéid, le gurbh éasca iad a chur isteach i sparán. D'éiligh roinnt rannpháirtithe go ndéanfaí na nótaí as ábhar plaisteach-bhunaithe chun cur lena mbuanfas. I gcodarsnacht leis sin, chuir daoine eile béim ar a thábhachtaí a bheadh sé ábhair inbhuanaithe a úsáid.

I roinnt tíortha, d'éiligh rannpháirtithe go leanfaí den rannpháirtíocht leis an bpobal maidir le cinntí faoi dhearadh na nótaí bainc euro todhchaí, chun cur leis an dóchúlacht go nglacfaí go forleathan leis an dearadh deiridh.

## Conclúidí

Ar an leibhéal is bunúsaí, **léirigh an taighde go soiléir na dúshláin intuartha a bhaineann le teacht ar dhearadh a mbeadh glacadh forleathan leis sna Ballstáit ar fad agus i measc na ngrúpaí éagsúla de shaoránaigh**. Mar shampla, baineann dúshlán amháin leis na hionchais éagsúla (ar ionchais chodarsnacha iad, go dtí pointe) a tháinig chun cinn sna grúpaí fócais. Ar lámh amháin, d'éiligh na rannpháirtithe dearadh a mbeadh prionsabail na huilíochta agus na hionchuimsitheachta mar bhonn faoi, cé gur léirigh siad, ar an lámh eile, fonn láidir i leith sainiúlacht na mBallstát a léiriú – bíodh sin maidir le hacmhainní fisiceacha, cultúr, nó ionchur – ach i gcomhthéacs chomharghrúpa an AE.

Mar sin féin, bhí sé théama ann a chuaigh i bhfeidhm go soiléir agus ar bhonn forleathan ar rannpháirtithe de gach náisiúntacht agus aoisghrúpa, mar atá **an nádúr, séadchomharthaí agus sainchomharthaí tíre, portráidí, luachanna Eorpacha, an eolaíocht agus an forás, agus an ealaín**. I measc na dtéamaí sin, sheas an nádúr agus luachanna Eorpacha amach mar gur chosúil gur téamaí iad beirt a raibh tóir an-leathan orthu agus gurbh iad ba lú ar measadh go raibh sé d'acmhainn acu conspóid a spreagadh – tosca a mhíníonn freisin an fáth ar tháinig na téamaí seo i dtreis i gcaitheamh an phlé. Cé go raibh gnaoi measartha maith ar théamaí eile, amhail séadchomharthaí agus sainchomharthaí tíre, portráidí agus an stair, measadh go raibh baol níos mó ag gabháil leo agus níos mó dúshlán maidir le móitífeanna a shainaithint a bheadh ábhartha agus inghlactha don Eoraip ar fad.

Ag an am céanna, tharraing an plé maidir le téamaí féideartha, agus go háirithe, na móitífeanna bainteacha, aird ar an gcaoi **a raibh trasnaíl shoiléir idir cuid de na téamaí**. Go deimhin, uaireanta, dhírigh na rannpháirtithe féin aird ar an bhféidearthacht go bhféadfaí téamaí éagsúla a tharraingt le chéile faoin aon dearadh amháin, amhail an nádúr a chur leis an inbhuanaitheacht, portráidí a chur leis an eolaíocht, an ealaín a chur leis an stair, an ealaín a chur leis an nádúr, luachanna Eorpacha a chur leis an inbhuanaitheacht, nó luachanna Eorpacha a chur le teanga.

B'iondúil gur aithin na rannpháirtithe cuid mhór agus éagsúlacht mhór de mhóitífeanna éagsúla le haghaidh na dtéama roghnachais acu, cé go raibh an tasc dúshlánach acu uaireanta mar gheall

ar na fáthanna a bhfuil cur síos orthu thuas. Ar na bunthréithe a bhí le sonrú go coitianta sna móitífeanna roghnachais, bhí **an áilleacht nó an mhaorgacht** agus **claontagairtí do mhórgacht na hEorpa** (ó thaobh a cuid buanna nó éachtaí de) nó **a carachtar láidir** (ó thaobh a cuid luachanna agus dinimicis de). Ba mhór freisin le rannpháirtithe **"inaitheantacht"** na móitífeanna agus nó ba rud í, is cosúil, ar measadh í a bheith ina réamhriachtanas, beagnach, le go mbeifí in ann na nótaí bainc a thuiscint.

Maidir leis an dara cuspóir de chuid an staidéir seo – tuiscint a fháil ar dearcthaí agus roghanna i dtaca le **heilimintí dearaidh comhchoiteanna** ES2 – aithníodh sa taighde go raibh rogha shoiléir sheasmhach ann i leith eilimintí áirithe thar chinn eile, mar atá leagtha amach thuas. Mar an gcéanna, nó níos tábhachtaí, b'fhéidir, ná na léargais shonracha sin, léirigh an taighde go leor faoin gcaoi ar mheasúnaigh na rannpháirtithe na heilimintí dearaidh comhchoiteanna ar bhonn níos ginearálta. Is léir gur chuir siad an-bhéim ar eilimintí, dar leo, a bhí **so-aitheanta sothuigthe** agus **feidhmiúil** – critéir, mar sin, a d'fhéadfaí a úsáid mar pharaiméadair pháirteacha chun cinneadh ar eilimintí dearaidh comhchoiteanna sa todhchaí.

## Struchtúr na tuarascála

Sa chéad rannán eile den tuarascáil mhionsonraithe seo, tá cur síos ar chúlra an staidéir agus ar an modheolaíocht ar glacadh léi. I Rannán 2, tá plé ar na tuairimí ginearálta na rannpháirtithe ar an Eorpachas. I Rannán 3, tá plé ar na cuimhní agus na tuairimí atá acu ar an tsraith reatha de nótaí bainc euro, agus i Rannán 4, tá cur síos ar na téamaí agus na móitífeanna roghnachais le haghaidh nótaí bainc euro todhchaí. I Rannán 5, tá breithniú ar roghanna na rannpháirtithe maidir leis na heilimintí dearaidh comhchoiteanna, agus i Rannán 6, tá leagtha amach na smaointe ar mheas siad iad a bheith tábhachtach i dtaca le dearadh na nótaí bainc amach anseo. Tá leagtha amach i Rannán 7 príomh-chonclúidí an taighde. Tá faisnéis fhorlíontach bhreise ar fáil i bhfoirm iarscríbhinní.